



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Luach na Léitheoireachta mar chuid den Chur Chuige Comhtháite

EFG Gaeilge T2 2025/26

Seisiún 2



Intinní Foghlama - Seisiún a Dó

I rith an tseisiúin seo:


- cuirfear cuir chuige éagsúla léitheoireachta i bhfeidhm chun scoláirí a mhisniú
- bainfear leas as teagasc an díchódaithe chun scileanna léitheoireachta agus muinín na scoláirí a fhorbairt



An Léitheoireacht

'... extensive reading over an extended period of time leads to significant improvements in many language skills: listening, grammar, spelling, and writing.' (Grabe, 2008, p. 324)

... cuireann léitheoireacht fhairsing, thar thréimhse fhada ama, feabhas suntasach ar go leor scileanna teanga – an éisteacht, an ghramadach, an litriú agus an scríbhneoireacht. (Aistrithe ó Grabe, 2008, lch. 324)





Le Linn na Léitheoireachta

Comhroinnigí na cleachtais a bhíonn in úsáid
agaibh go laethúil chun bhur scoláirí a mhisniú
agus iad ag léamh?

Conas a thacaíonn scoláirí lena chéile agus iad
ag tabhairt faoi thascanna léitheoireachta?





Cuspóir na Léitheoireachta

5

Ghlaoigh an Santóir cruinniú poiblí eile agus d'fhreastail Éabha air. Mhínigh sé go raibh tine i gceardlann Mhicí na mBád agus gur dódh an trealamh ar fad.

"Ná bígí buartha," a dúirt an Santóir. "Bhí na báid seoil sin **seanfhaiseanta** ar aon nós agus tá sé thar am againn báid na linne nua a bheith againn – báid le hinnill."

"Ach níl aon **bhreosla** ar Inis Mara, mar sin, conas is féidir linn báid le hinnill a choinneáil ag gluaiseacht?" a d'fhiafraigh Éabha.

"Le hola," a scread an Santóir go mífhoighneach.

"Ach cá bhfaighimid ola?" arsa Éabha.

"Tá ola faoin áit ar a bhfuil tú i do sheasamh, a óinsigh. Tá ola faoin talamh ar fad a cheannaigh mise le bliain anuas agus táimid chun an ola sin a úsáid chun ár leasa," arsa an Santóir.



"Chun ár leasa, nó chun do leasa?" a d'fhiafraigh Éabha.

"Beidh orm súil a choinneáil ortsa," a dúirt an Santóir. "Anois, ní bheidh móin ag teacht a thuilleadh ó Inis Móna mar nach mbeidh báid acu chun í a chur chugainn toisc nach bhfuilimid chun báid a dhéanamh dóibh. Mar sin, más mian libh fanacht te le linn an gheimhridh caithfidh sibh **córas ola théite** a fháil agus m'ola a dhó."

"Ach cá bhfaighimid córas ola théite?" a d'fhiafraigh Éabha.

"Ná bí buartha. Tá monarcha nua tógtha agam chun ola a thógáil ón talamh agus monarcha eile chun córas ola théite a chur i dteach gach duine," a dúirt an Santóir.

Cheap Éabha go raibh rud éigin lofa ón gcaint ar fad a bhí ag an Santóir mar gheall ar chúrsaí ola. Ní raibh gá riamh ag muintir Inis Mara le hola. Agus anois bheadh gá ag gach duine acu le hola chun dul ag iascaireacht agus le fanacht te i rith an gheimhridh. Ní raibh sé sin ceart ná cóir.

Ansin labhair Chloe an tEolaí amach. "**Millfidh** ola an saol breá atá againn anseo ar Inis Mara," a dúirt sí. "Ba chóir dúinn neart na gaoithe agus na gréine a úsáid chun na tithe a théamh. Tá ola salach agus millfidh sí an t-oileán go léir."

Thug an Santóir comhartha do na deartháireacha Bodach agus Trodach agus **ghabh** siad Chloe an tEolaí. Chaith siad isteach i gceillín príosúin í.

Rith Éabha ina diaidh. "Ní ligfidh mé duit fanacht sa phríosún," a dúirt Éabha léi. "Tiofaidh mise ar an bhfírinne."

14

Cén ról atá ag an múinteoir i gcuspóir na léitheoireachta a threorú?





Tuiscint a Fhorbairt le linn na Léitheoireachta

Spléachadh

Féincheistiú

Léamh chun cinn

Léamh os ard

Eile?

Ionannú



Ar Scáth a Chéile a Léann na Scoláirí

- Ag éisteacht le taifeadadh den léitheoireacht (closleabhar)
- Cogar-léitheoireacht
- Léitheoireacht bheirte os ard / Comhléitheoireacht
- Cór-léitheoireacht
- Amharclann na léitheoirí





An Chór-léitheoireacht

Ceist Mhachnaimh

Cén ról atá ag an gcór-léitheoireacht i gcothú scil na léitheoireachta aonair?





Cur Chuige Léitheoireachta a Thriail

5

Ghlaoigh an Santóir cruinniú poiblí eile agus d'fhreastail Éabha air. Mhínigh sé go raibh tine i gceardlann Mhicí na mBád agus gur dódh an trealamh ar fad.

"Ná bígí buartha," a dúirt an Santóir. "Bhí na báid seoil sin **seanfhaiseanta** ar aon nós agus tá sé thar am againn báid na linne nua a bheith againn – báid le hinnill."

"Ach níl aon **bhreosla** ar Inis Mara, mar sin, conas is féidir linn báid le hinnill a choinneáil ag gluaiseacht?" a d'fhiafraigh Éabha.

"Le hola," a scread an Santóir go mífhoghnach.

"Ach cá bhfaighimid ola?" arsa Éabha.

"Tá ola faoin áit ar a bhfuil tú i do sheasamh, a óinsigh. Tá ola faoin talamh ar fad a cheannaigh mise le bliain anuas agus táimid chun an ola sin a úsáid chun ár leasa," arsa an Santóir.



"Chun ár leasa, nó chun do leasa?" a d'fhiafraigh Éabha.

"Beidh orm súil a choinneáil ortsa," a dúirt an Santóir. "Anois, ní bheidh móin ag teacht a thuilleadh ó Inis Móna mar nach mbeidh báid acu chun i a chur chugainn toisc nach bhfuilimid chun báid a dhéanamh dóibh. Mar sin, más mian libh fanacht te le linn an gheimhridh caithfidh sibh **córas ola théite** a fháil agus m'ola a dhó."

"Ach cá bhfaighimid córas ola théite?" a d'fhiafraigh Éabha.

"Ná bí buartha. Tá monarcha nua tógtha agam chun ola a thógáil ón talamh agus monarcha eile chun córas ola théite a chur i dteach gach duine," a dúirt an Santóir.


Cheap Éabha go raibh rud éigin lofa ón gcaint ar fad a bhí ag an Santóir mar gheall ar chúrsaí ola. Ní raibh gá riamh ag muintir Inis Mara le hola. Agus anois bheadh gá ag gach duine acu le hola chun dul ag iascaireacht agus le fanacht te i rith an gheimhridh. Ní raibh sé sin ceart ná cóir.

Ansin labhair Chloe an tEolaí amach. "**Millfidh** ola an saol breá atá againn anseo ar Inis Mara," a dúirt sí. "Ba chóir dúinn neart na gaoithe agus na gréine a úsáid chun na tithe a théamh. Tá ola salach agus millfidh sí an t-oileán go léir."

Thug an Santóir comhartha do na deartháireacha Bodach agus Trodach agus **ghabh** siad Chloe an tEolaí. Chaith siad isteach i gceillín príosúin í.




Rith Éabha ina diaidh. "Ní ligfidh mé duit fanacht sa phríosún," a dúirt Éabha léi. "Tiocfaidh mise ar an bhfírinne."

Beidh cur
chuige
léitheoireachta
amháin ag
gach grúpa.





Píosa Léitheoireachta a Roghnú




‘Ní hionann i gcónaí an cófra is a lucht’






Gníomhaíocht: Amharclann na Léitheoirí



Íomhá 'Inis Mara' a cruthaíodh le Microsoft CoPilot





Machnamh: Amharclann na Léitheoirí

Cad é ról an mhúinteora nuair a bhíonn scoláirí i mbun amharclann na léitheoirí?

Cad iad na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn amharclann na léitheoirí a chur i bhfeidhm agus conas a shárófá iad?





Eispéireas nó Próiseas Meicniúil na léitheoireachta?

1.6 úsáid a bhaint as raon straitéisí díchódaithe cuí

1.7 príomhshonraí a bhaineann le gnáthnithe coitianta a aithint i dtéacsanna* Gaeilge

1.8 príomhtheachtaireachtaí a bhaint as téacsanna* Gaeilge a bhaineann leis an ngnáthshaol

1.9 taitneamh a bhaint as téacsanna* ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt

1.10 téascanna* dílse a aimsiú agus a úsáid chun taighde a dhéanamh





Focail a Aithint

Focail (nó nathanna) a aithint atá ar eolas ag an léitheoir

Fréamh an Fhocail

- Múinteoir
- Peileadóir

Deireadh an Fhocail

- Meánscoil
- Clubtheach

Réimír

- Príomhdhoras/cúldhoras
- Mórphictiúr/lagmhisneach

Patrúin Ghramadaí

- Dúnfaidh/ólfaidh
- Bailíonn/deisíonn

Malairt Bhrí

- Ard/íseal
- Dubh/bán

Iarmhír

- Siopadóir/Bearbóir
- Leabharlann/Pictiúrlann

T.F. 1.6: úsáid a bhaint as raon straitéisí díchódaithe cuí



Comhthéacs an Fhocail

Tuar a dhéanamh ar bhrí an fhocail bunaithe ar an gcomhthéacs

Bhí an madra *ag tafann* i lár na hoíche gan stad gan staonadh.

Thit sí *ina cnap* ar an urlár nuair a chuala sí an drochscéala.



Traschur Scileanna idir na Teangacha



Oide

Focal (nó nath) a aithint atá cosúil le focal i dteanga(cha) eile atá ag an léitheoir

Thug na turasóirí cuairt ar an tseaneaglais (église sa Fhraincis)

Chaith sí am ag sú na gréine sa ghairdín (jardín sa Spáinnis)



Díchódú: Focail Choitianta sa Ghaeilge



Oide

 **Oide** Tacaíocht le hArdleigheas
Chairdeanna Ceannairí
Scoil agus Múinteoirí Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

DÍCHÓDÚ: FOCAIL CHOITIANANTA SA GHAEILGE

RÉIMIREANNA	neamh: neamhaird, neamhghnách, neamhspleáchas ais: aiseolas, aisefhreagra, aisioc, aiséirí, aistarraingt ath: athbhliain, athrá, athscríobh, athléiriú, athoscail comh: comhfhocail, comhghleacaí, comhoibriú corr: corrdhuine, corrfhocail, corruair, corruimhreacha dea: dea-aimsir, dea-bhéasach, dea-cháil, dea-mhúinte dian: dianghrá, dianiarracht, dianmhachnamh do: dodhéanta, dodhiolta, dodhíonach, dofheicthe droch: drochaimsir, drochbhéasach, drochscéal fíor: fíorbheagán, fíorchinnite, fíordheas, fíormhaith fo: fo-eagarthóir, fochostas, fochoiste, foscéal iar: iarbhunscoil, iarchéim, iarfhocail, iarscoláire idir: idirbhliain, idircheol, idirnáisiúnta, idirscoile	il: ildánach, ildaite, ilghnéitheach, iliomad, ilsíolla, ilteangach in: inchurtha, indéanta, inite meán: meánaois, meánaicme, meánaosta, meánscoil, meánlae lán: lánábailte, lánchead, lánásáta, lánaimseartha, lánchúláí mí: míbhuntáiste, mícheart, mífhoighneach, mí-ionraic mion: mionchaint, mionchomhrá, mionchostas, mioneolas oll: ollchathair, ollmhargadh, ollmhór, ollscoil, olltoghchán príomh: príomhbhóthar, príomhchathair, príomhoide réamh: réamhaisnéis, réamheolas, réamhfhocail, réamhobair ró: ró-ard, ró-bheag, ró-iseal, ró-mhór, ró-óg, ró-lag sain: saineolaí, saineolas, sainmhíniú sár: sárbhliain, sárdhuine, sáreolas, sármhaith, sárobair so: so-aitheanta, so-oilte, so-ólta, soshásta, sothuigthe	
IARMHIREANNA	Aidiacht a dhéanamh d'ainmfhocail: -ach : cnocach, feargach, gnóthach, gaelach -ach: [duine] Albanach, Spáinneach, Sasanach -da: gallda, rúnda, seanda -ga: beoga, cróga, órga, ríoga, saorga -mhar: ceolmhar, ciallmhar, glórmhar -ta: faiseanta, míleata, náisiúnta, rialta Ainmfhocail theibí a chruthú: -as, -acht : álainn – áilleacht ; deacair – deacracht ; binn – binneas ; maith – maitheas	Comhartha díseagtha: -án: bothán, cnocán, leabhrán -ín: báidín, bóithrín, teachín -óg: Bábóg, cuileog, míoltóg Gníomhaí curtha in iúl: -aire: iascaire, píobaire, reachtaire -í : gréasaí, seanchaí, tiománaí -óir : ceoltóir, múinteoir, feirmeoir -úir : dochtúir, saighdiúir	Áit nó Spás -lann amharclann, bialann, beachlann, ceardlann, clóilann, cógaslann, dánlann, éanlann, iarsmalann, leabharlann, saotharlann, otharlann, uachtarlann Iarmhíreanna Treise: -sibhse, aigesean, iadsan, acusan, againne







Gníomhaíocht ar an Díchódú

Aimsígí samplaí díobh seo a leanas sa saothar litríochta os bhur gcomhair:


- Fréamh
- Deireadh
- Patrún
- Réimír
- Eile?





Oide

Acmhainní Tacúla ar Fáil



Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



Súil Siar - Seisiún a Dó

Ba chóir go mbraitheann sibh go bhfuil sibh níos muiníní i dtaca le:

- cuir chuige éagsúla léitheoireachta a chur i bhfeidhm chun scoláirí a mhisniú
- leas a bhaint as teagasc an díchódaithe chun tacú le scoláirí.